Bord Fiontar
Contae Chill Chainnigh







# Tuarascáil Bhliantúil & Ráitis Airgeadais 2007

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union
Investing in Your Future

EUROPEAN UNION STRUCTURAL FUNDS

42 Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh
T: 056 7752662
E: enquiries@kceb.ie
W: www.kceb.ie

Kilkenny County Enterprise Board | Bord Fiontar Contae Chill Chainnigh

# Clár


| | |
|---|---|
| Comhaltas an Bhoird agus Eolas Ginearálta | 3 |
| Liosta Figiúirí & Táblaí | 4 |
| Aitheasc an Chathaoirligh | 5 |
| Tuairisc na Stiúrthóirí | 6-16 |
| Beart 1: Idirghabháil Roghnach Airgeadais | |
| Beart 2: Riarachán na Forbartha Fiontraíochta & Inniúlachta Administration | |
| Ráitis faoi Dhualgais Stiúrthóirí | 17 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste | 18 - 19 |
| Ráiteas faoi Rialúcháin Inmheánacha Airgeadais | 20 |
| Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta | 21 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 22 |
| Clár Comhardaithe | 23 |
| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais | 24 - 27 |
| Aguisíní | 28 - 29 |
| Liosta Tionscadal Faofa | |




# Comhaltas An Bhoird Agus Eolas Ginearálta

**Mar atá ar an 31ú Nollaig 2007**

**Comhaltaí Boird:**
Mr. Joe Crockett, Cathaoirleach
An Clr. Matt Doran
An Clr. Malcolm Noonan
An Clr. Martin Brett
An Clr. Tom Maher
Mr. Phil Funchion
Ms. Alison McGrath
Ms. Yvonne Moriarty
Mr. Declan Rice
Mr. Des Shanley
Mr. Norman Leeper
Mr. James Hennessy

**Príomhfheidhmeannach & Rúnaí Cuideachta:**
Mr. Sean McKeown

**Anailís Gnó:**
Ms. Mary Deevy

**Oifigeach Tacaí Fiontraíochta:**
Ms. Fiona Deegan

**Riarthóir Oifige:**
Ms. Ailish Scott

**Oifig Chláraithe:**
42 Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh

**Iniúchóirí:**
An tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste,
Áras an Státchiste,
Caisleáin Bhaile Áth Cliath,
Baile Átha Cliath 2.

**Baincéirí:**
Banc na hÉireann,
Sráid na Parlaiminte,
Cill Chainnigh.

**Aturnaetha:**
James Harte & Son,
39 Sráid na Parlaiminte,
Cill Chainnigh.

**Uimh. Cuideachta:** 231759

# Liosta Figiúirí & Táblaí

**Figiúirí**


| | |
|---|---|
| Figiúir 1: Iarratais Bheart 1 a Próiseáladh i 2007 | 6 |
| Figiúir 2: Dáileadh na nDeontas Faofa de réir Cineáil Deontais | 6 |
| Figiúir 3: Dáileadh Rannógach na nDeontas Faofa | 7 |
| Figiúir 4: Stádas na dTionscadal Faofa ag Deireadh na Bliana | 7 |


**Táblaí**


| | |
|---|---|
| Tábla 1: Poist a chruthaigh an Bord 1993-2007 | 10 |
| Tábla 2: Clár Oiliúna Bheart 2 a seachadadh i 2007 | 10-11 |
| Tábla 3: Liosta Príomh-Imeachtaí a Reáchtáladh i Seachtain na Fiontraíochta | 13 |
| Tábla 4: Liosta na Seimineár Eolais a reáchtáladh i 2007 | 13 |
| Tábla 5: Saintacaí i 2007 | 14 |




# Aitheasc an Chathaoirligh



Mar Chathaoirleach ar Bhord Fiontair Chontae Chill Chainnigh (BFCC), is ábhar áthais dom a thuairisciú gur lean an Bord dá ról maighdeogach i 2007, ag cuidiú le tionscnamh, forbairt agus fás mionghnó i gContae Chill Chainnigh. Cuimsíonn buaicphointe ár bhfeidhmíochta i rith na bliana:


**Cultúr Fiontraíochta**
Leanadh le tacaíocht an Bhoird do Dhámhachtainí Fiontraíochta na Scoláirí (DFS) i scoileanna dara leibhéil. Bhí thart ar 400 scoláire páirteach i dtionscnamh an DFS atá anois mar bhunchuid de chlár oibre BFCC. Déanaimid iarracht, freisin, a chinntiú gur féidir le tionscnóirí uaillmhianacha teacht ar an eolas ceart, rochtain ar na tacaí cearta agus ar na hinniúlachtaí bainistíochta riachtanacha chun cabhrú leo a bhfiontair a bhunú agus a choinneáil ar siúl. I 2007, i gcomhar le gréasáin agus eagraíochtaí gnó áitiúla, thionscain BFCC Seachtain Fiontraíochta an-rathúil, ón 1ú go 5ú Deireadh Fómhair, a bhí dírithe ar phróifíl na tábhachta agus na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar mhionghnó, idir ceardlanna, seimineáir, faisnéisithe gnó, imeachtaí na meán cumarsáide agus dámhachtainí a ardú. D'fhreastail beagnach 240 tionscnóir ionchais agus láithreacha ar na himeachtaí éagsúla a eagraíodh mar chuid den tSeachtain Fiontraíochta.

**Faisnéis agus Comhairle Gnó**
Fuair na céadta faisnéis agus comhairle ghnó ar an bhfón, ar líne nó ag cruinnithe duine-le-duine le foireann BFCC, agus le painéal meantóirí an Bhoird, freisin. Críochnaíodh 175 sannachán meantóireachta in iomlán i rith na bliana. D'fhreastail thar 160 duine ar sheimineáir faisnéise gnó a d'eagraigh agus a sheachaid an Bord.

**Oiliúint Fiontraíochta agus Tacaíocht d'Fhorbairt Bhainistíochta**
Ghlac 528 duine in iomlán páirt i 58 clár, maidir le hoiliúint fiontraíochta agus forbairt bhainistíochta, a d'eagraigh agus a sheachaid an Bord i 2007. Caitheadh €202,000 in iomlán ar na cláir seo.

**Tograí Faofa**
Faomhadh cúnamh airgeadais de €366,569 in iomlán ar 31 tionscadal breise. Beidh sé d'acmhainn ag na tionscadail seo breis fostaíochta, coibhéiseach le 69 post lánaimseartha breise, a chruthú nuair a bheidh siad lánfheidhmithe, rud is ionann agus costas de rud beag thar €5,300 in aghaidh an phoist. Ciallaíonn sin gur chuidigh BFCC le 586 tionscadal in iomlán ó bunaíodh é i 1993, agus gur cruthaíodh 1,053 post in iomlán sa tréimhse sin.

Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a ndiongbháilteacht agus as an méid a chuir siad le hobair an Bhoird i 2007. Thar ceann an Bhoird, ba mhian liom buíochas a ghabháil freisin, le comhaltaí an Choiste Measúnaithe as an gcríochnúlacht agus as an éifeacht lenar mheasúnaigh siad tionscadail; leis an Aire agus oifigigh na Roinne as a gcomhairle agus treoir; agus leis an bPríomh-Fheidhmeannach agus a fhoireann as a ndúthracht agus díograis i rith na bliana. Tá BFCC bunaithe go daingean anois, mar chéadphointe teagmhála ag éinne atá ag beartú gnó a bhunú nó a fhorbairt, agus táim ag tnú bheith ag tógáil ar an éacht seo agus ár ról a fheabhsú ó thaobh gheilleagar áitiúil Chill Chainnigh a fhorbairt sa chomhshaol dúshlánach atá amach romhainn.



**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach

# Tuairisc na Stiúrthóirí


1ú Eanáir, 2007 go 31ú Nollaig, 2007

### BEART 1: Idirghabháil Roghnach Airgeadais

#### Iarratais Faighte

Breithníodh 36 iarratas ar chúnamh airgid i 2007. Faomhadh 31 acu seo (nó 86%) in iomlán, diúltaíodh 4 ceann (go príomha ar an mbonn go raibh easpa inbhuaine tráchtála ag baint leo nó gur chruthaigh siad baol dí-áitithe) agus cuireadh cinn siar, ar feitheamh breis eolais nó doiciméad, ag deireadh na bliana (Figiúir 1).


Figiúir 1: Iarratais Bheart 1 a Próiseáladh i 2007




#### Iarratais Faofa

Ba gnólachtaí nuathionscanta an 24 (nó 77%) in iomlán a faomhadh agus bhain an 7 eile le fairsingiú gnólachtaí a bhí ann cheana. Gealladh cúnamh airgid de €366,569 in iomlán don 31 tionscadal a faomhadh i 2007. I bhFigiúr 2, léirítear dáileadh na dtionscadal faofa idir na cineálacha éagsúla deontas. Is cóir a lua gur leagadh síos mar sprioc don Bhord go mbeadh 30% ar a laghad de na deontais uile a faomhadh inaisíoctha. Ón taobh sin de, tá 37% de na deontais a faomhadh i 2007 inaisíoctha.

Figiúir 2: Dáileadh na nDeontas Faofa de réir Cineáil Deontais





#### Caiteachas

D'íoc an Bord €256,844 in iomlán i 2007. Bhí an caiteachas seo comhdhéanta de Dheontas Chaipitil de €64,759, in iomlán, Deontais Fostaíochta de €71,250, in iomlán, Deontais Staidéar Féidearthachta de €16,948 in iomlán agus Deontais In-aisíoctha de €103,887 in iomlán. Tá liosta iomlán na dtionscadal a faomhadh agus na híocaíochtaí a rinneadh i 2007 le fáil in Aguisín 1.

#### Dáileadh Earnála na dTionscadal Faofa

Tá dáileadh earnála an 31 tionscadal a faomhadh i 2007 mar a leanas: is seirbhísí áitiúla 7 acu; oibríochtaí déantúsaíochta 20 ceann; tá d'acmhainn ag 3 tionscadal a bheith ina Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta (STI) agus is mórthogra turasóireachta agus fóillíochta 1 togra amháin. Léirítear dáileadh na ndeontas idir earnálacha i bhFigiúir 3. Is cóir a thuiscint gur gá don Bhord cloí le cuóta do Sheirbhísí Áitiúla nach mó ná 25% de luach an deontais fhaofa.


Figiúir 3: Dáileadh Rannógach na nDeontas Faofa




#### Stádas na dTionscadal Faofa

As an 31 togra a faomhadh i 2007, tá 23 á dtionscnamh ag fir agus 8 ag mná. Ag deireadh mhí na Nollag 2007, ba é seo a leanas stádas na dtionscadal a faomhadh i rith na bliana: bhí 8 tionscadal críochnaithe; 12 tionscadal eile tosaithe agus páirtíoctha, agus 11 tionscadal eile le tosú fós (Figiúir 4.)

Figiúir 4: Stádas na dTionscadal Faofa ag Deireadh na Bliana



# Cás-staidéir



JJ Maher mar Procon Ltd.,
An Droichead Nua,
Co. Chill Chainnigh.

## Giarchéimniú...

**Procon Vehicles Ltd, An Droichead Nua, Co. Chill Chainnigh.**

D'aithin JJ Maher, úinéir Procon Vehicles, i 2003 go raibh bearna sa mhargadh d'athchóiriú feithiclí. Chríochnaigh JJ, atá ina fheisteoir agus ina tháthaire oilte, cúrsa breisoiliúna san Innealtóireacht in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Ina dhiaidh sin, thosaigh sé ag obair ar a chéad thionscadal athchóirithe feithiclí. D'fhás an gnó go rianúil ón tús beag seo, agus feidhmíonn sé anois in áitreabh saintógtha ina n athchóirítear feithiclí, ar nós mionbhusanna, ina bhfeithiclí sainriachtanas, tacsaithe, ceardlanna soghluaiste etc. Brathann an gnó ar chumas an úinéara a eolas leathan innealtóireachta a chur in oiriúint do riachtanais an chustaiméara aonair. I 2007, thug Bord Fiontair Chontae Chill Chainnigh tacaíocht deontais chaipitiúil do Procon. Bhain an gnó leas, freisin, as comhairle ghnó, deontais cúnaimh theicniúil agus meantóireacht margaíochta, ó Bhord Fiontair Chontae Chill Chainnigh.

www.proconvehicles.com



William Lorimer,
Lorimer Creative, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh.

## Ealaíon a bheochan...

**Lorimer Creative, Caisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh**

Is speisialtacht de chuid William Lorimer, a reáchtálann Lorimar Creative i gClós Eastáit Chaisleán an Chomair, ealaín a chruthú as íomhánna. Bunaíodh an gnó le cúnamh deontais chaipitiúil ó Bhord Fiontair Chontae Chill Chainnigh i 2007, agus táirgeann sé raon mínealaín fótagrafaíochta agus priontaí ealaín leanaí d'ardchaighdeán i meáin éagsúla. Ina stiúideo i gCaisleán an Chomair, cuireann William a chuid spéise san fhótagrafaíocht leis na scileanna bainistíochta atá bainte amach cheana aige, chun gnó a chruthú a thairgeann seirbhís uathúil dóibh siúd ar mian leo a mballaí a mhaisiú le míreanna atá difriúil. Faoi láthair tairgeann an gnó táirgí atá dírithe ar thrí dheighleog den mhargadh; ealaín leanaí, priontaí ealaín fótagrafaíochta intí, agus seirbhís atáirgtí fótagrafaíochta. Tá súil ag William a ghnó cruthaitheach a fhorbairt feasta, agus chuige sin tá leas bainte aige as meantóireacht, comhairle gnó agus deontas cúnaimh theicniúil a cuireadh ar fáil ón raon tacaí a thairgeann an bord.

www.lorimercreative.com



Noel Heary mar IPP Improm,
Droichead Binéid,
Co. Chill Chainnigh

## Réitigh nuálacha teicniúla ó chroílár thuath na hÉireann...

**IPP Improm, Droichead Binéid, Co. Chill Chainnigh**

B'fhéidir nach é Droichead Binéid amuigh faoin tuath a thagann chun cuimhne nuair a smaoinítear ar réitigh theicneolaíocha do thionscal na cógaisíochta, ach sin go díreach an áit a roghnaigh Noel Heary, IPP Improm, chun a chuideachta speisialtachta a bhunú. Fónann an chuideachta do chliaint cogaisíochta gormshlise ar nós Merck, Wyeth, Allergan agus Johnston & Johnston, agus tairgeann sé raon táirgí uathúla agus sainionstraimíocht anailíseach don tionscal tábhachtach seo. Ar na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn an chuideachta seo tá, réitigh thomhais theicniúla, a chuidíonn le cothabháil agus le calabrú caighdeán i gcás brú, teocht agus bogthaise sna próisis chasta chriticiúla a úsáidtear sa tionscal. Óna n-oifig i nDroichead Binéid saincheapann IPP Improm seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais a bhoinn chustaiméara, atá ag síorfhás. Chuidigh Bord Fiontair Chontae Chill Chainnigh leis an gcuideachta i 2007, trí dheontais fhostaíochta a sholáthar, agus bhí Noel páirteach freisin sa Chlár Tosaigh do Ghnó Féin, agus bhain sé leas as tacaí breise ar nós comhairle gnó agus meantóireachta.

www.irishpowerandprocess.com




Oonagh Anderson, Caroline Dolan agus Karen Morgan mar Stiúideo Earthworks Ceramics, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh.

## Saothair ealaíne a chruthú as cré...

**Stiúideo agus Gailearaí Earthworks Ceramic, Baile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh**

Tá sé ag éirí i bhfad níos deacra teacht ar cheardaíocht atá d'fhíordhéantús láimhe. Mar sin féin, tá na seanscileanna a bhaineann le caitheamh, maisiú agus glónrú criadóireachta beo beathach fós ar bhruacha abhainn na Feoire. Bunaíodh stiúideo agus Gailearaí Earthworks Ceramics i 2007 agus is bunáit oibre anois é ag triúir de na ceirmeoirí is nuálaí agus is cruthaithí i gCill Chainnigh. Is fiontar comhoibríoch é idir Karen Morgan, Oonagh Anderson agus Caroline Dolan – iad uile ina bpotadóirí tréitheacha a bhfuil saintaithí acu agus a chruthaíonn píosaí ceirmeacha fíor-áille, maisiúla, feidhmeacha sa suíomh ídileach seo cois abhann. I 2007 chuir Bord Fiontair Chontae Chill Chainnigh maoiniú ar fáil i bhfoirm deontais fostaíochta, agus bhain an grúpa leas as meantóireacht, comhairle gnó, deontais cúnaimh theicniúil agus ghlac siad páirt freisin in an-chuid clár oiliúna, rud a chabhraigh leo an stiúideo a bhunú, agus a chuir ar chumas Earthworks an saothar ardmholta seo a tháirgeadh. Amach anseo, tá an grúpa ag súil le raoin nua oibre a sholáthar agus le bailitheoirí agus lucht measa na hoibre a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar a ngailearaí agus ar a n-ionad oibre.

www.karenmorganceramics.com
www.carolinedolanceramics.com

### Poist a Chruthaíodh

Tá sé d'acmhainn ag na tionscadail a faomhadh le linn 2007, 62 post lánaimseartha agus 13 post páirtaimseartha a chruthú nuair a bheidh siad lánfheidhmithe. Is ionann sin agus fostaíocht atá coibhéiseach le 68 post lánaimseartha, agus tugann sé líon iomlán na bpost a chruthaigh an Bord ó bunaíodh é i 1993 go 1,053, ar chostas de circa €6,135 in aghaidh an phoist (Táblaí 1.) Méadaíodh na deontais a d'fhaomhaigh an Bord idir 1993-2007 go €6,459,666 faoi dheireadh na bliana.

**Tábla 1: Poist a chruthaigh an Bord 1993-2007**

| Bliain | Líon na bpost a Cruthaíodh* | (€) Tionscadail Faofa | (€) Costas in Aghaidh Poist |
|---|---|---|---|
| 1993-1995 | 114 | 1,202,954 | 10,552 |
| 1996 | 80 | 423,089 | 5,289 |
| 1997 | 126 | 480,346 | 3,812 |
| 1998 | 103 | 457,160 | 4,438 |
| 1999 | 88 | 407,587 | 4,632 |
| 2000 | 82 | 405,731 | 4,948 |
| 2001 | 97 | 750,072 | 7,733 |
| 2002 | 74 | 447,927 | 6,053 |
| 2003 | 43 | 285,288 | 6,635 |
| 2004 | 60 | 341,100 | 5,685 |
| 2005 | 60 | 466,473 | 7,774 |
| 2006 | 58 | 425,370 | 7,334 |
| 2007 | 68 | 366,569 | 5,391 |
| Totals | 1,053 | 6,459,666 | 6,135 |

*** Poist choibhéiseacha lánaimseartha nuair is ionann 2 post P/A agus 1 post L/A.**

### BEART 2: Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta

### Achoimre

Chaith an Bord €399,501 in iomlán ar ghníomhaíocht a bhain le Beart 2 i 2007. Feidhmíonn an Bord mar chéadphointe teagmhála do mhionghnóthai i gContae Chill Chainnigh, ag cur raon tacaí forbartha eolais, comhairle, oiliúna, meantóireachta agus bainistíochta ar fáil dá chliaint.

### Cláir Oiliúna Fiontair & Bainistíochta

D'eagraigh agus sheachaid an Bord 58 Clár Oiliúna Fiontair agus Bainistíochta le linn 2007. Ghlac 528 duine páirt sna cláir seo, a phléigh le raon cúrsaí ó Thosú do Ghnó Féin go hOiliúint Airgeadais, agus bhí Díolacháin & Margaíocht Shárfhorbartha ar fáil do ghnóthaí seanbhunaithe. Ba mhná beagnach 62% de na rannpháirtithe sa Chlár Oiliúna Fiontraíochta agus Bainistíochta (Tábla 2).

**Tábla 2: Clár Oiliúna Beart 2 a sheachadadh i 2007**

| Teideal an Chláir | Líon Ban | Líon Fear | Líon na Rannpháirtithe |
|---|---|---|---|
| Taighde Margaidh do Sholáthróirí Cúraim Leanaí | 6 | 1 | 7 |
| An Dlí Fostaíochta | 5 | 5 | 10 |
| An Pacáiste Iomlán Ríomh-Phárolla | 7 | 2 | 9 |
| Dearadh Suímh Ghréasáin don Mhionghnó | 2 | 2 | 4 |
| Tosaigh do Ghnó Féin, Cúrsa Uimh.2 | 8 | 10 | 18 |
| Margaíocht leis na Meáin Dhigiteacha | 3 | 2 | 5 |
| Scríobh Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta | 4 | 4 | 8 |
| Céimeanna Simplí do HACCP | 1 | 3 | 4 |
| Seirbhís Éifeachtach don Chustaiméar | 4 | 0 | 4 |
| Costasú agus Praghsáil don Mhionghnó | 2 | 6 | 8 |
| Díolacháin & Margaíocht ar Bhuiséad Beag | 2 | 5 | 7 |
| Sage (Bunchéim) Uimh. 3 | 4 | 6 | 10 |
| Sage (Bunchéim) Uimh. 2 | 9 | 1 | 10 |
| Leabharchoimeád don Mhionghnó | 16 | 5 | 21 |
| Tosaigh do Ghnó Féin, Cúrsa Uimh.1 | 10 | 15 | 25 |
| Ríomh-Chuntais Sage – Ardchéim | 9 | 1 | 10 |
| Láimhseáilithe Bia Phríomha | 6 | 1 | 7 |
| Dearadh Suímh Ghréasáin Uimh.2 | 6 | 1 | 7 |
| Bainistiú Ama | 7 | 0 | 7 |
| Máistreacht Léirithe | 6 | 3 | 9 |
| Máistreacht Léirithe | 5 | 0 | 5 |
| Dearadh Suímh Ghréasáin Uimh.1 | 0 | 5 | 5 |
| Ríomh-Chuntais Sage – Bunchéim | 7 | 2 | 9 |
| Cánachas don duine Féinfhostaithe | 7 | 3 | 10 |
| Cánachas don duine Féinfhostaithe | 9 | 2 | 11 |
| Dearadh ríomh-Nuachtlitir | 4 | 3 | 7 |
| Bailiú Praiticiúil Airgid don Mhionghnó | 6 | 1 | 7 |
| Margaíocht & Optamú Suímh Ghréasáin | 5 | 4 | 9 |
| Bainistiú Daoine | 4 | 2 | 6 |
| Smaoineamh ar Ghó a Thosú? | 2 | 2 | 4 |
| Mórphleananna Gnó – É a chur i gcrích | 2 | 4 | 6 |
| Ceardlanna NC4C | 3 | 14 | 17 |
| Cuir Cumhacht i do Léirithe | 5 | 5 | 10 |
| Bainistiú Ama | 4 | 3 | 7 |
| Straitéisí Díolacháin don 21ú Aois | 2 | 5 | 7 |
| Sage, Bunchéim Uimh.1 | 7 | 2 | 9 |
| Leabharchoimeád & Riarachán Bunúsach | 10 | 2 | 12 |
| Tosaigh do Ghnó Féin, Cúrsa Uimh.1 | 8 | 11 | 19 |
| Nuashonrú Mearleabhar – CBL | 7 | 0 | 7 |
| Sage, Bunchéim Uimh.2 | 5 | 2 | 7 |
| Tógáil Suímh Ghréasáin do do Ghnó | 6 | 4 | 10 |
| Bainistiú Sláinte & Sábháilteachta | 6 | 2 | 8 |
| Teastas Láimhseálaithe Bia Phríomha | 10 | 2 | 12 |
| Bailiú Praiticiúil Airgid | 4 | 5 | 9 |
| Costasú & Praghsáil don Tionscal Seirbhíse | 7 | 5 | 12 |
| Cánachas a Thuiscint | 6 | 4 | 10 |
| Bua na Caibidlíochta | 4 | 4 | 8 |
| Daoine a thabhairt chuig do Shuíomh Gréasáin | 6 | 3 | 9 |
| Sage – Ardchéim | 7 | 2 | 9 |
| Úsáid Torthaí Ar Líne | 6 | 1 | 7 |
| Nuachtlitir R-phoist a Fhorbairt | 4 | 2 | 6 |
| An Dlí Fostaíochta | 3 | 3 | 6 |
| Do Tháirge a Thabhairt chuig an Margadh | 6 | 3 | 9 |
| Oiliúint Bainistíochta do Sholáthróirí Cúraim Leanaí | 12 | 1 | 13 |
| Barrfheabhas a aimsiú i gcúrsaí Gnó | 5 | 4 | 9 |
| HACCP | 3 | 1 | 4 |
| Tosaigh do Ghnó Féin Cúrsa Uimh.2 | 8 | 6 | 14 |
| Clár Forbartha Bainistíochta | 5 | 4 | 9 |
| | 327 | 201 | 528 |

### Damhachtainí Fiontair na Scoláirí

Lean an Bord dá chonradh le Ms. Bernie McCoy, Oibrí Tionscadail, chun an comhordú ar chomórtas Dámhachtainí Fiontair na ScoLáirí (DFS) i scoileanna dara leibhéil uile an Chontae a chothú agus a mhaoirsiú, agus uas-rannpháirtíocht ann a chinntiú. Tugann comórtas DFS eolas agus taithí praiticiúil do scoláirí dara leibhéil ar an dóigh cheart le gnó a reáchtáil, lena n¬-áirítear: teacht ar smaoineamh gnó; taighde margaidh a dhéanamh; an plean gnó a ullmhú; na táirgí nó seirbhísí a dhíol; an gnó a stiúradh; cuíleabhair cuntais a choinneáil; agus fós bheith ag súil go gcothófar roinnt airgid agus spraoi lena linn. Dar leis an mBord, glacann an comórtas (DFS) páirt bheag, ach tábhachtach freisin, i léiriú spiorad na fiontraíochta i measc daoine óga. Don chéad uair riamh, chláraigh gach ceann den 16 meánscoil sa Chontae don chomórtas i 2007, agus bhí thar 400 scoláire rannpháirteach i mbunú gnóthaí.



**Buaiteoirí Dhámhachtainí Fiontair na Mac Léinn 2007, 'Ar Rith an Dóigh Riamh Leat?' – Pobalscoil Chaisleán an Chomair, Caisleán an Chomair, Cill Chainnigh.**

### An tSeachtain Fiontraíochta

I 2007, thionscain BFCC Seachtain Fiontraíochta an-rathúil ó 1ú – 5ú Deireadh Fómhair, chun próifíl na tábhachta agus na saincheisteanna a bhaineann le mionghnó a ardú. Eagraíodh an tionscnamh seo i gcomhar leis na gréasáin agus eagraíochtaí áitiúla gnó mar atá, Cumann Tráchtála Chill Chainnigh, Club Gnó Chill Chainnigh, agus Caibidil Chill Chainnigh den Ghréasán Idirnáisiúnta Gnó (BNI). Bíonn an tSeachtain Fiontraíocta comhdhéanta de cheardlanna, seimineáir, faisnéisithe gnó, imeachtaí na meán cumarsáide, agus dámhachtainí. D'fhreastail 238 duine ar na himeachtaí éagsúla a reáchtáladh i rith na seachtaine (Tábla 3).



**An tAire John McGuinness ag seoladh Seachtain Fiontair 2007 le Michael Power, Club Gnó Chill Chainnigh; David Culliton, Uachtarán Chumann Tráchtála Chill Chainnigh; Seán McKeown, POF Bhord Fiontair Chontae Chill Chainnigh; Noel Ryan, Líonra Gnó Idirnáisiúnta Chill Chainnigh; Tom Maher, Méara, Comhairle Contae Chill Chainnigh; Gráinne Redmond, Uachtarán, Líonra Mhná Chill Chainnigh.**

**Tábla 3: Liosta na bPríomh-Ócáidí a reáchtáladh i rith na Seachtaine Fiontraíochta 1ú-5ú Deireadh Fómhair 2007**

| Ócáid | Tinreamh |
|---|---|
| Seoladh Tech Check ag an Aire John McGuinness | 35 |
| Meantóireacht Airgeadais Duine le Duine | 6 |
| Ócáid Ghréasán Chill Chainnigh | 25 |
| Meantóireacht Sláinte & Sábháilteachta Duine le Duine | 6 |
| Taispeántas na Seachtaine Fiontraíochta | 60 |
| Meantóireacht Dhlí na Fostaíochta Duine le Duine | 6 |
| Ócáid Chumainn Tráchtála Chill Chainnigh | 22 |
| Ócáid Chlub Gnó Chill Chainnigh | 11 |
| Giniúint Smaointe/Ceardlainne Spreagtha | 32 |
| Ócáid BNI | 18 |
| Ócáid na Comhairle Ceardaíochta | 10 |
| Meantóireacht Díolachán & Margaíochta Duine le Duine | 7 |
| | **238** |

### Seimineáir Faisnéise

Baineann an Bord úsáid as modhanna éagsúla chun a phróifíl a ardú, fad a bhíonn feasacht á chothú aige faoi shaincheisteanna atá ina n-ábhair spéise ag úinéirí-bhainisteoirí micrifhiontair. D'fhreastail 162 duine in iomlán ar sheimineáir eolais a d'eagraigh an Bord, nó ar thacaigh sé leo, le linn 2007 (Tábla 4). Orthu seo bhí sraith ócáidí am lóin ar an téama 'Cabhraigh Leat Féin' chun cabhrú le cliaint leas a bhaint as bearta costas-éifeachtacha agus uasúsáid a bhaint as an idirlíon agus as láithreacht ar líne.

**Táblaí 4: Liosta na Seimineáir Eolais a reáchtáladh le linn 2007**

| Teideal an tSeimineáir | Tinreamh |
|---|---|
| Cabhraigh Leat Féin – Dea-dhearadh Gréasáin | 17 |
| Cabhraigh Leat Féin – Blaganna | 16 |
| Cabhraigh Leat Féin – Margaíocht Idirlín | 9 |
| Cabhraigh Leat Féin – Cuardach | 7 |
| Fiontraíocht & Margaíocht do Nuathosuithe Gnó | 34 |
| Oíche Eolais maidir le Do Tháirge a chur chun margaidh | 16 |
| SEA – Ceardlann do Mhúinteoirí | 14 |
| Seimineár um Chlár Forbartha Bainistíochta | 20 |
| Comhdháil Mhná an Oir-Dheiscirt i imeachtaí Gnó | 23 |
| Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan | 6 |
| | **162** |

### Saintacaí

Painéal Mionmheantóra: Is eislinní a bhíonn nuathosuithe gnó ina luathchéimeanna forbartha. Bunaíodh an Painéal 'Mionmheantóra' chun an fhadhb seo a réiteach agus chun cur leis na tacaí oiliúna fiontair agus forbartha bainistíochta a thairgeann an Bord. Tá an Painéal Mionmheantóra comhdhéanta de chomhairleoirí oilte gnó a bhfuil taithí acu i raon leathan disciplíní bainistíochta. Is é an ról atá acu, feidhmiú mar fhuaimchlár faoi rún, ag éisteacht, ag comhairliú agus ag moladh réitigh ar fhadhbanna a fhulaingíonn úinéirí-bhainisteoirí na mionghnóthaí. De ghnáth, feidhmíonn sannachán meántóra thar thréimhse sé seachtaine go sé mhí. D'oibrigh an cineál seo tacaíochta go maith go nuige seo agus bhain 176 tionscnóir in iomlán leas as seirbhís mheantóireachta an Bhoird i 2007.

Scéim Cúnaimh Theicniúil: Bunaíodh an Scéim Chúnaimh Theicniúil i 2001 chun saintacaíocht a sholáthar le haghaidh riachtanais oiliúna agus forbartha na gcliant. Cuireann an Scéim ar chumas an Bhoird cineálacha tacaíochta saincheaptha a thairiscint do mhionghnóthaí ar leith. Ar na gnáthchineálacha cúnaimh theicniúil bíonn,- tacaíocht shainoiliúna do mhiontáirgeoirí chun bheith i láthair nó a gcuid earraí agus seirbhísí a thaispeáint ag aonaigh thrádála d'fhonn iad a mhargú lasmuigh den tír. Fuair 39 gnó in iomlán tacaíocht faoin Scéim Chúnaimh Theicniúil i 2007 (Tábla 5).

**Tábla 5: Saintacaí i 2007**

| Scéim | Líon na ngnóthaí a bhain leas as an Scéim |
|---|---|
| Painéal Mionmheantóra | 176 |
| Cúnamh Teicniúil | 39 |
| **Iomlán** | **215** |

### Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta

Déanann gréasán de 35 Bord Fiontar Cathrach agus Contae (BFC) urraíocht ar na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontraíochta. Tá na Dámhachtainí teoranta do chliaint na BFC agus é mar aidhm acu próifíl na micrifhiontar a ardú ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ach go háirithe. Ainmníodh Ormond Technologies Limited T/A Surfbox mar bhuaiteoir Chontae Chill Chainnigh i 2007. Is iad Thomas Marry agus Declan Lennon comhbhunaitheoirí Ormonde Technologies, a dhéanann agus a soláthraíonn Surfboxes – teirminéil rochtana idirlín atá ar fáil d'óstáin, bialanna agus tábhairní, agus a oibrítear le mona agus cárta. Is iarfhostaithe iad Thomas Marry agus Declan Lennon den chomhlacht seirbhísí airgeadais Infoscore, atá faoi úinéireacht Ghearmánach. I 2004, rith smaoineamh le Thomas maidir le rochtain idirlín 'íoctar mar a úsáidtear' a sholáthar do dhaoine atá sa siúl. Phléigh sé an smaoineamh le Declan, agus chinn siad an coincheap a fhorbairt ina ghnó. Bliain ina dhiaidh sin ghlac sé an deis agus bhunaigh Ormonde Technologies, ag soláthar Surfboxes – teirminéil rochtana idirlín a oibrítear le mona agus cárta – d'óstáin, tábhairní agus caifí.

### Tionscnaimh Eile

Lean an Bord ag fostú Bainisteor Tionscadail, darb ainm Ms. Catherine Crosse (le maoiniú a sholáthraigh an Bord i gcomhar le Comhairle Contae Chill Chainnigh agus an pobal áitiúil) chun feidhmiú leis an bpobal áitiúil agus raon gníomhaíochtaí a fhorbairt, dírithe ar fhorbairt gheilleagrach áitiúil a spreagadh i gCallainn.



# Riarachán

### Sláinte agus Sábháilteacht

Tá dea-bhail fhostaithe an Bhoird á cosaint de réir riachtanais an Acht Sábháilteachta, Sláinte & Leasa ar Obair 2005.

### ISO 9001:2000

Leanann Bord Fiontair Chontae Chill Chainnigh ag obair de réir an chaighdeáin ISO 9001:2000. Rinneadh iniúchadh i rith na bliana agus measadh go raibh na córais a bhí i bhfeidhm ag an mBord sásúil.

### Iniúchóir Inmheánach

D'athcheap an Bord Mr. Michael Shortall, Iniúchóir Inmheánach Chomhairle Contae Chill Chainnigh, le linn 2007, chun feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a chomhlíonadh don chomhlacht. D'athbhreithnigh coiste iniúchóireachta an Bhoird leorgacht na rialuithe inmheánacha chun riosca gnó a mhaolú.

### An Bord Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí sa tréimhse 1ú Eanáir, 2007 go 31ú Nollaig, 2007 luaite anseo thíos:

Mr. Michael Malone; An Clr. Martin Brett; An Clr. Paul Cuddihy; An Clr. Matt Doran; An Clr. Malcolm Noonan; An Clr. Tom Maher; Mr. Des Shanley; Mr. Declan Rice; Ms. Alison Mc Grath; Ms. Yvonne Moriarty; Mr. Phil Funchion; Mr. Declan Murphy; Mr. Hugh O' Rourke; Mr. Joe Crockett; Mr. James Hennessy; Mr. Bill Costello; Mr. Norman Leeper; Mr. Tony Walsh.

### D'éirigh na Stiúrthóirí seo a leanas as oifig:

Mr. Michael Malone; An Clr. Paul Cuddihy; Mr. Declan Murphy; Mr. Tony Walsh; Mr. Bill Costello; Mr. Hugh O'Rourke.

### Ceapadh na Stiúrthóirí seo a leanas:

Mr. Norman Leeper; Mr. Tony Walsh; An Clr. Tom Maher; Mr. Joe Crockett; Mr. James Hennessy; Mr. Hugh O'Rourke.

### Stiúrthóirí a d'fhóin sa Chathaoir

Stiúrthóirí seo a leanas sa Chathaoir le linn 2007:
Mr. Michael Malone; Mr. Tony Walsh; Mr. Declan Rice agus Mr. Joe Crockett.

### Cruinnithe Boird

Bhí 6 Cruinniú Boird in iomlán ann i 2007 agus d'fhreastail meán de 9 comhalta ar gach cruinniú acu.

### Torthaí

Luaitear sonraí na dtorthaí don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2007 sna ráitis airgeadais leis seo agus sna nótaí a ghabhann leo.

### Imeachtaí tar éis ullmhú an Chláir Chomhardaithe

Níor tharla aon imeachtaí tábhachtacha ó dheireadh na bliana airgeadais a raibh nó a mbeadh tionchar suntasach acu ar oibríochtaí na cuideachta, ar thorthaí na n-oibríochtaí sin nó ar staid na cuideachta sna blianta airgeadais tar éis na bliana airgeadais dár críoch 31 Nollaig 2007.

# Cairt Chliaint

**Réamhrá:**

Tá sé mar chuspóir ag Bord Fiontair Chontae Chill Chainnigh na dualgais agus feidhmeanna a thiomnaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta dó a chomhlíonadh ar shlí éifeachtach ghairmiúil de réir an Chomhaontaithe a síníodh idir Bord Fiontair an Chontae agus an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Feidhmíonn Bord Fiontair an Chontae faoi réir an "Chóid Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit" a chinntíonn go bhfaigheann custaiméirí an BFC agus an pobal i gcoitinne seirbhís shármhaith, go ndéantar cinntí ar bhonn cothrom gan claonadh, go gcloíonn foireann an BFC leis na caighdeáin eitice is airde agus go gcinntítear nach lagóidh aon ghníomhartha fhoireann an BFC muinín an phobail in ionraiceas an BFC. Feidhmíonn an Cód seo i leith Stiúrthóirí an Bhoird, baill an Choiste Mheasúnaithe agus fostaithe an Bhoird. Nuair a phléann tú leis an mBord, déanann an fhoireann iarracht a chinntiú go gcuirtear ar láneolas thú faoi na seirbhísí agus tacaí uile agus go n-éascaítear duit rochtain chuí ar na seirbhísí agus tacaí seo.

**Cúirtéis agus Cuidiúlacht:**

Is féidir a bheith ag súil, i gcás gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae:

- go bpléifidh an fhoireann leat i gcónaí ar shlí chúirtéiseach chuidiúil;
- go dtabharfar duit ainm an bhaill foirne a bheidh ag plé leat;
- go stiúrófar thú chuig an mball foirne cuí a bheidh ag plé le d'fhiosrú.

**Faisnéis:**

Is féidir a bheith ag súil, i leith gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae: go dtabharfar faisnéis iomlán cruinn i gcaint shimplí duit faoi gach fiosrú a dhéanfaidh tú.

**Éifeachtacht:**

Is féidir a bheith ag súil, i leith gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae:

- go bpléifear le d'fhiosrú ar shlí ghasta éifeachtach, fad a aithneofar gur gá aon chostas riachtanach ort a choinneáil ag an íosmhéid.

**Príobháideacht agus Rúndacht:**

Is féidir a bheith ag súil, i leith gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae:

- go bpléifear faoi lánrún le gach faisnéis, idir pearsanta agus gnó, a sholáthróidh tú.

**Sásamh:**

Is féidir a bheith ag súil, i leith gach teagmháil agus plé a bheidh agat le Bord Fiontair an Chontae go bpléifear le haon ghearán dlisteanach faoi

(a) riarachán míchuí na bhfeidhmeanna a tiomnaíodh don Bhord seo; nó

(b) an tslí inar próiseáladh an fiosrú

go gasta báúil agus de réir Ghnáthamh Cúraim Chliaint agus Gearán an Bhoird. Tá na gnáthaimh seo gan dochar do ghnáthchearta dlí an duine nó d'aon chórais athbhreithnithe neamhspleácha a chuirfí ar bun.

Tá Gnáthamh Chúraim Chliaint agus Gearán (ar féidir cóip de a fháil ar iarraidh) á fheidhmiú ag Bord Fiontair Chontae Chill Chainnigh. Níor éirigh aon saincheisteanna nó bhearta le linn 2005 a d'éiligh go ndéanfaí an Gnáthamh a ghairm.



# Ráitis faoi Dhualgais Stiúrthóirí

Éilíonn an dlí go n-ullmhódh na stiúrthóirí ráitis airgeadais, do gach bliain airgeadais, a thabharfaidh léargas fíor cothrom ar staid na cuideachta agus ar an ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus iad ag ullmhú na ráitis airgeadais sin is gá do na stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus a fheidhmiú go comhsheasmhach
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bheidh réasúnta agus stuama
- na ráitis a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, seachas má tá an bonn sin míchuí
- nuair a bhíonn caighdeán cuntasaíochta infheidhmithe á leanúint, é sin a lua, faoi réir aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna Ráitis Airgeadais.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuas agus na raitis airgeadais á n-ullmhú acu.


Tá na Stiúrthóirí freagrach as cuíleabhair chuntais a choinneáil, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na cuideachta, agus as a chinntiú go bhfuil siad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2006. Tá siad freagrach, freisin, as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh, dá réir, chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath.

**Leabhair Chuntais**

Lena chinntiú go gcoinnítear na leabhair agus taifid chuí de réir Mír 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, d'fhostaigh an Chuideachta seirbhísí comhlacht cuntasóirí cáilithe agus choinnigh sí cuíchórais chuntasaíocht. Tá na Leabhair Chuntais ar fáil in Oifig Chláraithe na Cuideachta.

**Iniúchóirí**

Is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste atá freagrach as an mBord a iniúchadh de réir Mhír 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.



**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach

7th Iúil 2008

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Kilkenny County Enterprise Board Limited don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

### Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlíthe infheidhmithe agus Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Tá na Stiúrthóirí freagrach as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú freisin.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta; agus cibé an dtagann an fhaisnéis arna tabhairt i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais. Lena chois sin, deirim cibé an bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta, agus cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Chuideachta an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtagann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíráiteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

### An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na Cuideachta, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

### Tuairim

Is é mo thuairim:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Cuideachta ag 31 Nollaig 2007 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta. Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.



**Mr. Gerard Smyth**

Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17th Meitheamh 2008

# Ráiteas faoi Rialúcháin Airgeadais Inmheánacha s

Thar ceann an Bhoird Stiúrthóirí de Bhord Fiontair Chontae Chill Chainnigh admhaím an dualgas atá orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á choinneáil agus á fheidhmiú.

Ní thig leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil na sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á gcuíchlárú, agus go gcosctar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha, nó go mbraifí iad go tráthúil.

### Príomhghnáthaimh Rialúcháin

Tá an córas rialaithe inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat de fhaisnéis rialta bainistíochta, de ghnáthaimh riaracháin, lena n-áirítear scaradh dualgas, agus de chóras tarmligin agus cuntasachta. Folaíonn sé, go háirithe:

- córas buiséadaithe cuimsitheach, ina bhfuil buiséad bliantúil a chomhaontaíonn an Bord Stiúrthóirí;
- athbhreithnithe rialta an Bhoird Stiúrthóirí ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagadh síos chun an fheidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe d'infheistíocht chaipitiúil atá léirshainithe;
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánach.

Tá gnáthaimh ceaptha ag an mBord, freisin, chun riosca gnó a aithint agus a mheas, trí

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an gcomhlacht a shainaithint, maraon lena méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaithinte a mheas;
- cumas an chomhlachta a mheas chun rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- an costas maidir le feidhmiú sainrialuithe a mheas i gcoibhneas leis an tairbhe a bhaintear astu.

Tá seirbhísí Iniúchóra Inmheánaigh fostaithe ag Bord Fiontair Chontae Chill Chainnigh chun seirbhísí iniúchóireachta inmheánaigh a sholáthar. Bíonn obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís faoin riosca atá roimh an gcomhlacht, agus bunaítear na pleananna bliantúla don iniúchadh inmheánach ar an anailís seo. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta Inmheánach agus an Bord Stiúrthóirí an anailís riosca agus na pleananna don iniúchadh inmheánach. Uair sa bhliain, ar a laghad, cuireann an tIniúchóir Rialaithe Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta Inmheánach tuairisc faoi imeachtaí an iniúchta inmheánaigh ar fáil don Bhord. Folaíonn an tuairisc seo tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar shásúlacht agus ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánach airgeadais.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, bunaithe ar obair an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaigh, an Iniúchóra Inmheánaigh, na bhfeidhmeannach i mBord Fiontair Chontae Chill Chainnigh atá freagrach as forbairt agus coinneáil chreat rialaithe an airgeadais, agus ar ráitis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bainistíochta nó i dtuairiscí eile uaidh.

### Athbhreithniú Bliantúil Rialúchán

Dearbhaím gur athbhreithnigh an Bord, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2007, éifeacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Sínithe thar ceann an Bhoird

**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach

7th Iúil 2008



# Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

### 1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais, lasmuigh den mhéid a luaitear thíos, faoi mhodh na bhfabhruithe cuntasaíochta agus de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil gnáthghlacadh leo faoi choinbhinsiún na gcostas stairiúil. Glactar leis na Caighdeáin Tuairiscthe Airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

### 2. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ag a gcostas nó luacháil stairiúil lúide dímheas carntha.

Cuirtear dímheas mar mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais, ar bhonn líne dírí, ag na rátaí thíosluaite, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, agus iad ceartaithe go dtí a luach iarmharach measta, thar a saol ionchasach úsáide.

| | |
|---|---|
| Troscán | 12 ½ % |
| Trealamh Oifige | 20 % |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33 ⅓ % |

### 3. Deontais Oireachtas

Déantar na Deontais Oireachtais a chuntas ar bhonn fabhruithe.

### 4. Deontais Iníoctha

Fabhraítear na deontais sna ráitis airgeadais, nuair a chomhlíonann na faighteoirí deontas na coinníollacha a leagtar síos dóibh.

### 5. Cuntas Caipitiúil

Léiríonn an Cuntas Caipitiúil luach neamh-amúchta an ioncaim a úsáideadh chun críocha caipitiúla.

### 6. Ioncam Iarchurtha

Is féidir an Cúnamh In-aisíoctha a bheith i bhfoirm deontas nó infheistíochtaí in-aisíoctha i scaireanna tosaíochta nó i ngnáthscaireanna. Is féidir na suimeanna faighte, a chuimsíonn ús nó gnóthachan ar bith, a úsáid chun breis íocaíochtaí a dhéanamh faoi Bheart 1. Ós rud é go mbrathann aisíocaíochtaí ar fheidhmíocht an fhiontair, ní chuirtear san áireamh iad go dtí go mbíonn siad faighte. Iarchuirtear aithint admhálacha dá leithéid mar ioncam, ar feitheamh athdháilte mar chaiteachas de chuid Bheart 1.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
# Don Bhliain dar críoch 31 Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 1(a) | 864,516 | 814,061 |
| Ranníocaíocht don Fheidhmeannach Forbartha Gnó | 1(b) | 23,880 | 25,400 |
| Aistriú ó Ioncam Iarchurtha | | 68,250 | 130,128 |
| Ioncam Eile | | 73,452 | 85,575 |
| | | 1,030,098 | 1,055,164 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | | 1,333 | (2,347) |
| **Iomlán** | | **1,031,431** | **1,052,817** |
| Caiteachas | | | |
| Cúnamh airgeadais roghnaigh | 2 | 256,844 | 380,142 |
| Forbairt Fontraíochta agus Inniúlachta | | 399,501 | 322,000 |
| Riarachán | 4 | 375,086 | 350,675 |
| **Iomlán** | | **1,031,431** | **1,052,817** |
| Farasbarr/(Easnamh) don bhliain | | – | – |

Is cuid de na ráiteas airgeadais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 11.



**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach
7th Iúil 2008

**Mr. Declan Rice**
Stiúrthóir

**Mr. Sean McKeown**
Príomhfheidhmeannach



# Clár Comhardaithe
# Mar atá ar an 31ú Nollaig 2007

| | Nótaí | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 8 | 14,756 | 16,089 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | | 18,624 | 28,203 |
| Banc agus airgead tirim | | 177,538 | 137,372 |
| | | 196,162 | 165,575 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Réamhdheontas Oireachtais iníoctha | | (13,920) | (31,047) |
| Ioncam iarchurtha | | (169,348) | (122,669) |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | | (12,894) | (11,859) |
| | | (196,162) | (165,575) |
| **Glansócmhainní reatha** | | – | – |
| **Glansócmhainní** | | **14,756** | **16,089** |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Cuntas caipitil** | 9 | **14,756** | **16,089** |

Is cuid de na ráiteas airgeadais seo an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 11.



**Mr. Joe Crockett**
Cathaoirleach
7th Iúil 2008

**Mr. Declan Rice**
Stiúrthóir

**Mr. Sean McKeown**
Príomhfheidhmeannach

# Notaí ar na the ráitis airgeadais

**1 Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird**

**(a) Fiontar Áitiúil**

Déanann Alt 10(2) den Acht Forbartha Tionsclaíochta, 1995 soláthar le haghaidh íocaíocht deontas don Bhord ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Déantar an caiteachas Boird i leith bearta faoin bhfo-chlár Micrifhiontair & Geilleagair Eolais de Chlár Oibríochtúil Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir, 2007 – 2013.

Is iad seo a leanas na bearta:-

Beart 1 – Cúnamh Airgeadais Roghnaigh

Beart 2 – Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

**(b) Bainisteoir Tionscadail**

Fuair an Bord maoiniú ó Líonra Pobail Challainn, FÁS & Comhairle Contae Chill Chainnigh chun Bainisteoir Tionscadail a fhostú, a fhónfadh do Challainn. Bhí an maoiniú de €23,880 comhdhéanta de ranníocaíochtaí uathu seo a leanas:

| | € |
|---|---|
| Líonra Pobail Challainn | 5,000 |
| Fás | 8,880 |
| Comhairle Contae Chill Chainnigh | 10,000 |
| | **23,880** |

**2 Cúnamh Airgeadais – Deontais**

Tairgeann an Bord cúnamh deontais agus má ghlactar leis, bíonn sé bailí mar cheangaltais Boird don tréimhse shonraithe nó sna cúinsí a shonraítear arna bhfaomhadh. Chuir an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta maoiniú de €212,078 (2006: €245,951) ar fáil chun cúnamh airgeadais roghnach a íoc i 2007.

Ba iad seo a leanas na ceangaltais Boird a bhí amuigh ar an 31 Nollaig 2007:-

| | **Deontais 2007** € | **Cúnamh deontais in aisíoctha 2007** € | **Total** € |
|---|---|---|---|
| Deontais cheangaltais ar an 1ú Eanáir | 115,955 | 91,242 | 207,197 |
| Deontais faofa | 233,614 | 132,955 | 366,569 |
| | 349,569 | 224,197 | 573,766 |
| Deontais dí-ghealltа | | | |
| - deontais fhaofa 2007 | (165) | (166) | (331) |
| - deontais fhaofa réamh-2007 | (48,339) | (24,255) | (72,594) |
| | 301,065 | 199,776 | 500,841 |
| Caiteachas ar dheontais | (152,957) | (103,887) | (256,844) |
| **Deontais cheangaltais ar an 31ú Nollaig 2007** | **148,108** | **95,889** | **243,997** |

**2 Cúnamh Airgeadais – Deontais – ar leanúint**

Tá an caiteachas de €256,844 Comhdhéanta de Dheontais Chaipitil (€64,759), Deontais Fostaíochta (€76,250), Deontais Féidearthachta (€16,948) agus cúnamh Deontais In-Aisíoctha (€103,887). Maoiníodh an caiteachas seo trí dheontais Bheart 1 de €188,594 agus aistrithe de €68,250 ó ioncam iarchurtha. Rinneadh na ceangaltais a bhí amuigh ar an 31 Nollaig a lua mar a leanas:

| | € |
|---|---|
| Roimh 31 Nollaig 2006 | – |
| Tar éis 1 Eanáir 2007 | 243,997 |
| | 243,997 |

| **3a Cunamh Deontais In-Aisíoctha** | **2007** € | **2006** € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 447,921 | 432,464 |
| Eisithe sa bhliain (féach nóta 2) | 103,887 | 126,682 |
| Aisíoctha sa bhliain | (105,598) | (111,225) |
| Díscríofa sa bhliain | (9,167) | – |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig** | **437,043** | **447,921** |
| | | |
| Iníoctha laistigh de 12 mhí | 134,742 | 135,549 |
| Iníoctha tar éis 12 mhí | 302,301 | 312,372 |
| | **437,043** | **447,921** |

Ós rud é go bhfuil aisíocaíochtaí ag brath ar fheidhmíocht na bhfiontar seo, ní áirítear an méid amuigh mar fhéichiúnaí ar an gclár comhardaithe. Is ar bhonn airgid thirim a chuirtear na haisíocaíochtaí faighte i gcuntas. Féadfaidh an Bord Fiontair fáltais dá leithéid a úsáid chun deontais bhreise a mhaoiniú. Dhíscríobh an Bord méideanna de €9,167 in iomlán i rith 2007.

| **3b Athdháileadh Fáltas Cúnaimh In-Aisíoctha** | **2007** € | **2006** € |
|---|---|---|
| Iarmhéid cúnaimh in-aisíoctha ar láimh ag 1 Eanáir | 122,669 | 133,010 |
| Aistrigh go hioncam chun deontais bhreise a mhaoiniú | (68,250) | (130,128) |
| | 54,419 | 2,882 |
| Fáltais chúnaimh in-aisíoctha: | | |
| Aisíocaíochtaí | 105,598 | 111,225 |
| Ús, glan ar tháillí bainc | 9,331 | 8,562 |
| | 114,929 | 119,787 |
| | | |
| Iarmhéid cúnaimh in-aisíoctha ar láimh ar an 31 Nollaig | **169,348** | **122,669** |

# Notaí ar na the ráitis airgeadais – ar leanúint

| 4 Costais Riaracháin | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Tuarastail (féach nóta 6) | 272,017 | 249,249 |
| Costais taistil | 12,745 | 13,174 |
| Cóiríocht | 20,540 | 20,485 |
| Costais oifige | 45,919 | 41,383 |
| Táillí iniúchóireachta | 6,800 | 6,250 |
| Árachas | 5,839 | 5,490 |
| Oiliúint foirne | 3,068 | 2,073 |
| Fógraíocht | – | 2,611 |
| Dímheas | 8,158 | 9,960 |
| | **375,086** | **350,675** |

**5 Cánachas**

Ní dhearnadh aon soláthar do chánachas sna ráitis airgeadais.

**6 Fostaithe agus Luach Saothair**

Bhí costais iomlána de €272,017 ar luach saothair an Bhoird, agus tá siad curtha mar mhuirear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais mar a leanas:

| | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Riarachán | **272,017** | **249,249** |

Ba é 5 meánlíon na foirne i rith na tréimhse (2006: 5). Fostaítear gach ball den fhoireann ar bhonn iasachta nó conartha. Tá ball foirne amháin ar an mBord atá fostaithe ag Comhairle Contae Chill Chainnigh agus tugtha ar iasacht don Bhord ón gComhairle. Baineann €38,628 le costais fostaíochta agus taistil an Bhainisteora Tionscadail i 2007, a mhaoinigh Grúpaí Pobail Challainn, FÁS & Comhairle Contae Chill Chainnigh (féach nóta 1(b)).

**7 Pinsin**

Ní fheidhmíonn an Bord scéimeanna pinsin. Aisíoctar tuarastail na mball foirne atá ar iasacht le Comhairle Contae Chill Chainnigh. Cuimsíonn seo gné phinsin.

Íoctar ranníocaíochtaí pinsin ar íocaíochtaí tuarastail a dhéanann an Bord go díreach, le baill foirne áirithe, ar an gcoinníoll go n-íoctar an ranníocaíocht isteach i scéim phinsin phríobháideach phearsanta atá faofa ag na Coimisinéirí Ioncaim.

| 8 Sócmhainní Seasta | Troscán € | Trealamh € | Trealamh Ríomhaireachta € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| Costas/luacháil | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 41,418 | 44,421 | 46,181 | 132,020 |
| Breiseanna | 2,854 | – | 3,971 | 6,825 |
| Aistrithe Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 44,272 | 44,421 | 50,152 | 138,845 |
| Dímheas carntha | | | | |
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 37,346 | 36,158 | 42,427 | 115,931 |
| Muirear don bhliain | 1,739 | 2,248 | 4,171 | 8,158 |
| Aistrithe Iarmhéid ar an 31 Nollaig | 39,085 | 38,406 | 46,598 | 124,089 |
| **Glanluach an leabhair ar an 31 Nollaig 2007** | **5,187** | **6,015** | **3,554** | **14,756** |
| **Glanluach an leabhair ar an 31 Nollaig 2006** | **4,072** | **8,263** | **3,754** | **16,089** |

| 9 Cuntas Caipitil | 2007 € | 2006 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | 16,089 | 13,742 |
| Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais: | | |
| - cistí a dáileadh chun sócmhainní seasta a fháil | 6,825 | 12,307 |
| - méid amúchta de réir dímheas na sócmhainní | (8,158) | (9,960) |
| | (1,333) | 2,347 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **14,756** | **16,089** |

**10 Comhaltaí Boird – Nochtadh Idirbhearta**

Ghlac an bord le nósanna imeachta a bhí de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh sainleasa ag Comhaltaí Boird, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. I rith na bliana, ní raibh aon idirbhearta bainteach le gníomhaíochtaí an Bhoird ar bhain Comhaltaí Boird leas buntáistiúil astu.

**11 Faomhadh Ráitis Airgeadais**

D'fhaomhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 25 Feabhra 2008.

# Aguisín 1: Liosta na dTionscadal Faofa

| Tionscnóir Tionscadail | Earnáil | Tuairisc ar Thionscadal | Faomhadh Boird | Cineál Deontais | Méid Faofa | Deontas Inaisíoctha | Deontas Neamh-inaisíoctha | Iomlán Íoctha | Méid Dígheallta | Iarmhéid le hÍoc | Staid an Tionscadail ag 31/12/2007 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Julian Berwick | Déantús. | Dearadh & déanamh bróg ardfhaisin | 23-Már-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 5,000 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Kevin Hughes agus Damien Donnelly | Féidearthacht mar Sheirbhís Trádála Idirnáis. | Scannáin oideachais d'fhóin phóca | 30-Aib-07 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 5,000 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Thomas Byrnes, Pack Publishing | Déantús. | Táirgeadh spraoiphacaí oideachais leanaí | 30-Aib-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 2,500 | 0 | 2,500 | Páirtíoctha |
| Trudie Power, Trudies Catering Kitchen | Déantús. | Ceapairí agus Sailéid do Lónadóireacht & Miondíol | 30-Aib-07 | Caipitil | 12,278 | 6,139 | 6,139 | 0 | 0 | 12,278 | Le Tosú Fós |
| Caroline Dolan, Grennan Mill | Déantús. | Gnó Criadóireachta | 30-Aib-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 5,000 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Nicholas McGrath | Déantús. | Déantús mionphacáistí fuinnimh neamhghreille | 30-Aib-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 5,000 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Karen Morgan, Karen Morgan Ceramics | Déantús. | Táirgeadh ceireamaice | 30-Aib-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 5,000 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Sandra Nichol, Kiddies Kingdom | Seirbhís Áitiúil | Áis creise | 30-Aib-07 | Fost. | 6,250 | 0 | 6,250 | 3,125 | 0 | 3,125 | Páirtíoctha |
| Michael Dempsey, Heatmaster | Déantús. | Déantús radaitheoirí lámhdhéanta | 30-Aib-07 | Caipitil | 1,541 | 771 | 770 | 0 | 0 | 1,541 | Le Tosú Fós |
| William Lorimer | Déantús. | Atáirgeadh ealaín leanaí ar chanbhás | 30-Aib-07 | Caipitil | 9,570 | 4,785 | 4,785 | 9,239 | 331 | 0 | Críochnaithe/ Páirt-dígheallta |
| Geraldine Russell, Hey Diddle Diddle | Seirbhís Áitiúil | Áis creise | 25-Meith-07 | Fost. | 7,500 | 0 | 7,500 | 3,750 | 0 | 3,750 | Páirtíoctha |
| Signiatec | Déantús. | Comharthaí seachtracha & inmheánacha | 25-Meith-07 | Caipitil | 21,700 | 13,020 | 8,680 | 19,200 | 0 | 2,500 | Páirtíoctha |
| Michael Power, Cartridge World | Déantús. | Athchúrsáil cartús scairdphriontála & léasair | 25-Meith-07 | Fost. | 10,000 | 0 | 10,000 | 2,500 | 0 | 7,500 | Páirtíoctha |
| Bruce de Kocks, Brane Design | Déantús. | Déantús seodra ardchaighdeáin | 25-Meith-07 | Caipitil | 11,877 | 5,939 | 5,939 | 11,877 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Seamus Brophy, The Ad Factory | Seirbhís Áitiúil | Táirgeadh & Suiteáil clostrealaimh | 25-Meith-07 | Caipitil | 5,003 | 2,502 | 2,502 | 5,003 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| JP Monahan | Déantús. | Déantús uathchothaitheoirí Capall | 10-M.Fó-07 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 2,948 | 0 | 2,052 | Páirtíoctha |

| Tionscnóir Tionscadail | Earnáil | Tuairisc ar Thionscadal | Faomhadh Boird | Cineál Deontais | Méid Faofa | Deontas Inaisíoctha | Deontas Neamh-inaisíoctha | Iomlán Íoctha | Méid Dígheallta | Iarmhéid le hÍoc | Staid an Tionscadail ag 31/12/2007 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nicholas Murphy | Seirbhís Áitiúil | Soláthar seirbhísí innealtóireachta | 10-M.Fó-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 2,500 | 0 | 2,500 | Páirtíoctha |
| Helena Darcy | Déantús. | Babóga poircealláin | 10-M.Fó-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 2,500 | 0 | 2,500 | Páirtíoctha |
| Patrick Larkin | Seirbhís Áitiúil | Leabhair Saothair & DVDs do staidéir tógála | 10-M.Fó-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 0 | 5,000 | Le Tosú Fós |
| JJ Maher, Procon Vehicles | Déantús. | Sainseirbhísí athchóirithe feithiclí | 10-M.Fó-07 | Caipitil | 24,600 | 12,300 | 12,300 | 24,600 | 0 | 0 | Críochnaithe |
| Shamus Malone | Déantús. | Déantús lastóirí & baic tine | 10-M.Fó-07 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 0 | 5,000 | Le Tosú Fós |
| Robert Sloan | Déantús. | Déantús Píobaí Uileann | 22-D.Fó-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 2,500 | 0 | 2,500 | Páirtíoctha |
| Ken Foley | Déantús. | Déantús málaí láimhe & pacaí droma | 22-D.Fó-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 2,500 | 0 | 2,500 | Páirtíoctha |
| John Donagher | Mórthionscadal Turas. & Fóillíochta | Coimpléasc Fóillíochta ag Gabhal Mhic Dhonncha | 22-D.Fó-07 | Caipitil | 75,000 | 50,000 | 25,000 | 0 | 0 | 75,000 | Le Tosú Fós |
| Damien O' Dornan | Féidearthacht mar Sheirbhís Trádála Idirnáis. | Athshlánú Dóiteáin & Tuilte | 12-Nol-07 | Caipitil | 75,000 | 37,500 | 37,500 | 0 | 0 | 75,000 | Le Tosú Fós |
| Noel Heary | Féidearthacht mar Sheirbhís Trádála Idirnáis. | Díol seirbhísí & táirgí ionstraimíochta | 12-Nol-07 | Fost. | 10,000 | 0 | 10,000 | 0 | 0 | 10,000 | Le Tosú Fós |
| Natasha Reilly | Seirbhís Áitiúil | Montessori & cúram iarscoile | 12-Nol-07 | Fost. | 7,500 | 0 | 7,500 | 0 | 0 | 7,500 | Le Tosú Fós |
| Nicholas Howard | Déantús. | Forbairt feistis tochaltóra chun ábhair a scagadh | 12-Nol-07 | F/S | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 0 | 5,000 | Le Tosú Fós |
| Gareth Hanlon | Déantús. | Táirgeadh bordchluichí spóirt | 12-Nol-07 | Fost. | 10,000 | 0 | 10,000 | 2,500 | 0 | 7,500 | Páirtíoctha |
| Debroah Brownrigg Shiels | Déantús. | Lipéid ainm saincheaptha | 12-Nol-07 | Fost. | 5,000 | 0 | 5,000 | 0 | 0 | 5,000 | Le Tosú Fós |
| Colm Byrne, Glas | Seirbhís Áitiúil | Cúrsaí Oideachais Inbhuaine | 12-Nol-07 | F/S | 3,750 | 0 | 3,750 | 0 | 0 | 3,750 | Le Tosú Fós |
| | | | | | **366,569** | **132,955** | **233,614** | **122,242** | **331** | **243,996** | |

Bord Fiontar
Contae Chill Chainnigh





